C/2025/475

17.1.2025

Fógra le haghaidh daoine áirithe atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh 2012/642/CBES ón gComhairle agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis agus rannpháirtíocht na Bealarúise san fhogha arna thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin

(C/2025/475)

Dírítear aird Aliaksandr Uladzimirovich KARNIENKA (uimh.196), Anton Genaddevich DUDAL (uimh.260), Nikolai Vasilievich SERGEEVICH (uimh.261), ar daoine iad a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh 2012/642/CBES ón gComhairle [1] agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 ón gComhairle [2] a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis agus rannpháirtíocht na Bealarúise san fhogha arna thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin ar an bhfaisnéis seo a leanas:

Tá sé beartaithe ag an gComhairle na bearta sriantacha a choinneáil ar bun i gcoinne na ndaoine thuasluaite.

Cuirtear in iúl do na daoine sin, leis seo, go bhféadfaidh siad iarraidh a chur faoi bhráid na Comhairle chun go bhfaighidh siad an ráiteas beartaithe ar chúiseanna maidir lena n-ainmniú a choimeád, faoin **24 Eanáir 2025**, chuig an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1 Horizontal and Global Affairs
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

---

[1] IO L 285, 17.10.2012, lch. 1.
[2] IO L 134, 20.5.2006, lch. 1.